An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí
Legal Services Regulatory Authority

# Fógra Comhairliúcháin

## Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí, Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla, Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta agus Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha

Iarraidh le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn ó abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí

25 Márta 2024

## Maidir leis an gComhairliúchán seo

Iarrann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (ÚRSD) aighneachtaí i scríbhinn ó abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí chun a dtuairimí ar na nithe seo a leanas a chur isteach:

1. Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí
2. Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta
3. Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla
4. Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha

Tá an iarraidh seo mar chuid de chomhairliúchán míosa ó ÚRSD chun tuairimí a lorg ó na daoine sin a bheidh faoi réir an Chóid Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha ('Cód') atá beartaithe, de bhun alt 22(3) den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 ('Acht 2015'), agus a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na ndréacht-Rialachán.

Tiocfaidh an comhairliúchán chun deiridh an **19 Aibreán 2024**. Ní féidir aon síntí ama leis an gcomhairliúchán a éascú.

Tá ÚRSD i mbun teagmháil dhíreach leis na comhlachtaí gairmiúla d'abhcóidí agus d'aturnaetha freisin, agus d'fhéadfadh sé dul i mbun teagmhála le cibé páirtithe leasmhara eile is cuí leis an Údarás, i ndáil leis na trí Rialachán agus leis an gCód.

## Faisnéis chúlra maidir leis an gComhairliúchán

Is é is comhpháirtíocht dlí ann ná comhpháirtíocht arna foirmiú faoi dhlí an Stáit trí chomhaontú scríofa ag beirt dlí-chleachtóirí nó níos mó, ar abhcóide cleachtach aon duine amháin acu ar a laghad, chun seirbhísí dlí a sholáthar. Le halt 100 d'Acht 2015, cumasaítear comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach toisc go bhforáiltear leis go bhféadfaidh dlí-chleachtóir seirbhísí dlí a sholáthar mar chomhpháirtí i gcomhpháirtíocht dlí nó mar fhostaí de chomhpháirtíocht dlí. Níl an t-alt sin tosaithe go fóill.

Sa bhliain 2017, ba as comhairliúchán poiblí maidir le comhpháirtíochtaí dlí a tháinig dhá thuarascáil atá ar fáil anseo: Tuarascálacha agus Dlíthe – An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (lsra.ie). Sa bhliain 2018, ba as comhairliúchán poiblí maidir le nithe a bhaineann le habhcóidí a tháinig tuarascáil atá ar fáil anseo: Tuarascálacha agus Dlíthe – An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí (lsra.ie).

Sna blianta 2018 agus 2019, bhí obair shuntasach á déanamh ag ÚRSD maidir le comhpháirtíochtaí dlí a thabhairt isteach, thart ar an tráth a tugadh Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta isteach sa bhliain 2019. Áiríodh leis an obair sin:

- Dréachtrialacháin a bhí ina n-ábhar do chomhairliúchán leis na comhlachtaí gairmiúla a tháirgeadh. Ós rud é gur ghá leasú reachtach a dhéanamh ar alt 1 d'Acht 2015, ní dhearnadh na Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí an tráth sin.

- Ullmhaíodh dréacht-Chód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha freisin, rud a n-áirítear leis rannán ar chomhpháirtíochtaí dlí. Bhí an Cód sin faoi réir comhairliúcháin ach b'amhlaidh arís nár eisíodh é toisc gur ghá leasú reachtach a dhéanamh.

- Tugadh faoi chomhairliúchán freisin maidir leis na Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, a tugadh isteach ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair 2019. I láthair na huaire, ní fhéadfaidh ach comhpháirtíochtaí aturnaetha iarratas a dhéanamh ar údarú chun oibriú mar chomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta.

- Tugadh faoi chomhairliúchán freisin maidir leis na Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla, a tugadh isteach i mí na Samhna 2019. Ní bhaineann siad sin le hárachas slánaíochta gairmiúla ach d'abhcóidí cleachtacha amháin.

Cuireadh an leasú reachtach riachtanach ar alt 1 d'Acht 2015 ar áireamh san Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023, sa deireadh.

Sna míonna atá le teacht, tá sé beartaithe ag ÚRSD Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí, Rialacháin athbhreithnithe maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, Rialacháin athbhreithnithe maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla agus an Cód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha a thabhairt isteach. Rachaidh ÚRSD i mbun teagmhála leis an Roinn Dlí agus Cirt maidir le haon tosuithe riachtanacha ar Acht 2015.

Dá réir sin, chun críche an chomhairliúcháin seo, d'ullmhaigh ÚRSD dréachtleaganacha díobh seo a leanas:

1. Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dlí, faoi alt 116(1)(a) d'Acht 2015 i ndáil le hoibriú agus bainistiú comhpháirtíochtaí dlí;
2. Rialacháin maidir le Comhpháirtíochtaí Dliteanais Theoranta, faoi alt 130 d'Acht 2015 i ndáil le hoibriú comhpháirtíochtaí dliteanais theoranta agus a n-áirítear leo forálacha a bhaineann le comhpháirtíochtaí dlí a dhéanann iarratas ar údarú chun oibriú mar chomhpháirtíocht dliteanais theoranta;
3. Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla, faoi alt 47 d'Acht 2015, a n-áirítear leo íoschaighdeáin árachais slánaíochta gairmiúla d'abhcóidí cleachtacha agus d'abhcóidí cleachtacha i gcomhpháirtíochtaí dlí agus i gcomhpháirtíochtaí dliteanais theoranta; agus
4. Leagan nuashonraithe den Chód Cleachtais d'Abhcóidí Cleachtacha faoi alt 22 d'Acht 2015.

Tá ÚRSD i mbun teagmháil dhíreach leis na comhlachtaí gairmiúla d'abhcóidí agus d'aturnaetha (Barra na hÉireann, Cumann Onórach Óstaí an Rí, agus Dlí-Chumann na hÉireann) freisin, agus d'fhéadfadh sé dul i mbun teagmhála le cibé páirtithe leasmhara eile is cuí leis an Údarás, i ndáil leis na trí dréacht-Rialachán agus leis an dréacht-Chód.

## Conas Aighneacht a Dhéanamh

Is mian le ÚRSD tuairimí a fháil ó abhcóidí cleachtacha nach comhaltaí den Leabharlann Dlí.

Más abhcóide sa chatagóir sin thú, tugtar cuireadh duit chun teagmháil a dhéanamh le ÚRSD le ríomhphost ag publicconsultations@lsra.ie chun cóipeanna den dréacht-Chód agus de na dréacht-Rialacháin a iarraidh.

## An Dáta Deiridh ar a nGlacfar le hAighneachtaí agus an Seoladh ar Cheart Aighneachtaí a Sheoladh chuige

Féadfar aighneachtaí i scríbhinn a sheoladh mar a leanas:

- Le ríomhphost chuig publicconsultations@lsra.ie nó
- Leis an ngnáthphost chuig: An Comhairliúchán maidir leis an gCreat Comhpháirtíochtaí Dlí agus leis an gCód Cleachtais, An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí, Bosca O.P. 12906, Baile Átha Cliath 7

D'fhéadfadh go ndéanfadh ÚRSD teagmháil le freagraithe chun plé níos mine a dhéanamh ar aon saincheisteanna arna dtarraingt anuas.

Tiocfaidh an comhairliúchán chun deiridh an **19 Aibreán 2024**. Ní féidir aon síntí ama leis an gcomhairliúchán a éascú.

### Saoráil Faisnéise

Tarraingítear aird ar an bhfíoras go bhféadfar faisnéis arna tabhairt don Údarás a nochtadh mar fhreagra ar iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Dá bhrí sin, dá measfaí gur faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó atá rúnda í aon fhaisnéis arna tabhairt, luaigh an fhaisnéis sin agus sonraigh an chúis a bhfuil sí íogair. Rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le páirtithe leasmhara a bhfuil aighneachtaí á ndéanamh acu maidir le faisnéis a luaigh siad a bheith íogair sula ndéanfar cinneadh ar aon iarraidh Saorála Faisnéise. Maidir le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú go deonach don Údarás, caithfear léi de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018, agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

### Aighneachtaí a Fhoilsiú

Tá sé beartaithe ag an Údarás, i gcás gur cuí, aon aighneachtaí arna bhfáil aige a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin agus ar shlí eile. Tabhair faoi deara go bhféadfar cinneadh ar fhoilsiú den sórt sin a dhéanamh gan comhairliúchán roimh ré le freagraithe ar an bhfógra comhairliúcháin seo. Tá sé le leas na bhfreagraithe béim a leagan sna haighneachtaí uathu ar aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó atá rúnda agus nár mhaith leo go nochtfaí í.

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí 25 Márta 2024**

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí**
**Aonad 1-3, Páirc Ghnó Shráid an Mhainéir**
**Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7**
**Postchód: D07 K290**
**Ríomhphost: lsra-inbox@lsra.ie**

**Suíomh Gréasáin: www.lsra.ie**

**Twitter/X: @LSRAIreland**

**LinkedIn: LSRA Ireland**